Cathal Ó Searcaigh

Rugadh Cathal Ó Searcaigh i nGort a'Choirce, i nGaeltacht Thír Chonaill sa bhliain 1956 agus bíonn tábhacht na háite dúchais lárnach ina chuid filíochta. Bíonn cuid mhór de na dánta atá scríofa aige bunaithe ar an dóigh a mothaíonn sé agus é ar shiúl óna cheantar dúchais.

AN TOBAR

'Cuirfidh sé brí ionat agus beatha,'
arsa sean-Bhríd, faghairt ina súile
ag tabhairt babhla fíoruisce chugam
as an tobar is glaine i nGleann an Átha.
Tobar a coinníodh go slachtmhar
ó ghlúin go glúin, oidhreacht
luachmhar an teaghlaigh
cuachta istigh i gclúid foscaidh,
claí cosanta ina thimpeall
leac chumhdaigh ar a bhéal.

Agus mé ag teacht i méadaíocht
anseo i dtús na seascaidí
ní raibh teach sa chomharsanacht
gan a mhacasamhail de thobar,
óir cúis mhaíte ag achan duine
an t-am adaí a fholláine is a fhionnuaire
a choinníodh sé tobar a mhuintire:
ní ligfí sceo air ná smál
is dá mbeadh rian na ruamheirge
le feiceáil ann, le buicéad stáin
dhéanfaí é a thaoscadh ar an bhall
is gach ráithe lena choinneáil folláin
chumhraítí é le haol áithe.
Uisce beo bíogúil, fíoruisce glé
a d'fhoinsigh i dtobar ár dteaghlaigh.
I gcannaí agus i gcrúiscíní
thóg siad é lá i ndiaidh lae
agus nuair a bhíodh íota tarta orthu

i mbrothall an tsamhraidh
thugadh fliuchadh agus fuarú daofa
i bpáirceanna agus i bportaigh.
Deoch íce a bhí ann fosta
a chuir ag preabadaigh iad le haoibhneas
agus mar uisce ionnalta
d'fhreastail ar a gcás ó bhreith go bás.

Ach le fada tá uisce reatha
ag fiaradh chugainn isteach
ó chnoic i bhfad uainn
is i ngach cisteanach
ar dhá thaobh an ghleanna
scairdeann uisce as sconna
uisce lom gan loinnir
a bhfuil blas searbh súlaigh air
is i measc mo dhaoine
tá tobar an fhíoruisce ag dul i ndíchuimhne

'Is doiligh tobar a aimsiú faoi láthair,'
arsa Bríd, ag líonadh an bhabhla athuair.
'Tá siad folaithe i bhfeagacha agus i bhféar,
tachtaithe ag caileannógach agus cuiscreach,
ach in ainneoin na neamhairde go léir
níor chaill siad a dhath den tseanmhianach.
Aimsigh do thobar féin, a chroí,
óir tá am an anáis romhainn amach:
Caithfear pilleadh arís ar na foinsí.'

© Homecoming: Selected Poems: An Bealach 'na Bhaile by Cathal Ó Searcaigh (1997), publisher Cló Iar-Chonnacht, ISBN 1874700559

Foclóirín

Aimsigh an Béarla ceart do na frásaí agus focail atá luaite thíos.

Gaeilge	*Béarla*
brí	
beatha	
faghairt ina súile	
go slachtmhar	
coinníodh	
oidhreacht luachmhar	
cuachta	
claí cosanta	
clúid foscaidh	
leac chumhdaigh	
ag teacht i méadaíocht	
comharsanacht	
gan a mhacasamhail	
cúis mhaíte	
muintir	
folláin *(is folláine)*	
fionnuar *(is fionnuaire)*	
sceo ná smál	
rian na ruamheirge	
ar an bhall	
dhéanfaí é a thaoscadh	
chumhraití é le haol áithe	
beo bíogúil	
fíoruisce glé	
foinse	
a d'fhoinsigh	
cruiscíní	
íota tarta	
i mbrothall an tSamhraidh	
fliuchadh agus fuarú	
portaigh	

deoch íce	
ag preabadaigh le haoibhneas	
uisce ionnalta	
ó bhreith go bás	
usice reatha	
ag fiaradh isteach	
cisteanach	
sconna(í)	
uisce lom gan loinnir	
blas searbh súlaigh	
ag dul i ndílchuimhne	
a aimsiú	
folaithe	
i bhfeagacha	
i bhféar	
tachtaithe	
caileannógach	
cuisreach	
in ainneoin	
neamhaird	
seanmhianach	
am an anáis	
caithfear pilleadh arís	
foinsí	

Amharc ar an dán arís agus déan iarracht na línte a mhíniú. Tá sampla déanta duit.

Línte ón dán	**Cad é a léiríonn sé seo dúinn?**
'Cuirfidh sé brí ionat agus beatha,' arsa **sean-Bhríd,** faghairt ina súile ag tabhairt babhla fíoruisce chugam as an tobar is glaine i nGleann an Átha.	*Is seanbhean chliste í Bríd. Is nasc í leis an tseanchultúr, leis an tseantraidisiún agus leis an tsaol mar a bhí agus an file ag fás aníos. Tá tuigbheáil agus cumhacht aici. Is léir go bhfuil meas mór ag an fhile uirthi. Is ionann an tobar agus an dúchas. Cuirtear íomhánna os ár gcomhair de sheanbhean agus den tobar. Luaitear logainm chun muid a chur ag smaoineamh ar an cheantar. Cruthaítear íomha de cheantar tuaithe (gleann).*
Tobar a coinníodh go slachtmhar **ó ghlúin go glúin, oidhreacht** **luachmhar an teaghlaigh** cuachta istigh i gclúid foscaidh, claí cosanta ina thimpeall leac chumhdaigh ar a bhéal.	
Agus mé ag teacht i méadaíocht anseo i dtús na seascaidí **ní raibh teach sa chomharsanacht** **gan a mhacasamhail de thobar**	
óir **cúis mhaíte** ag achan duine an t-am adaí a fholláine is a fhionnuaire a choinníodh sé tobar a mhuintire:	
ní ligfí sceo air ná smál is dá mbeadh rian na ruamheirge le feiceáil ann, le buicéad stáin **dhéanfaí é a thaoscadh ar an bhall**	
Uisce beo bíogúil, fíoruisce glé a d'fhoinsigh i dtobar **ár dteaghlaigh…** **Deoch íce** a bhí ann fosta a chuir ag preabadaigh iad le haoibhneas…	

Ach le fada tá uisce reatha ag fiaradh chugainn isteach ó chnoic i bhfad uainn is i ngach cisteanach	
ar dhá thaobh an ghleanna scairdeann uisce as sconna **uisce lom gan loinnir** **a bhfuil blas searbh súlaigh air** is i measc mo dhaoine **tá tobar an fhíoruisce ag dul i ndíchuimhne.**	
'Is doiligh tobar a aimsiú faoi láthair,' arsa Bríd, ag líonadh an bhabhla athuair.	
'Tá siad **folaithe** i bhfeagacha agus i bhféar, **tachtaithe** ag caileannógach agus cuiscreach	
ach in ainneoin na neamhairde go léir **níor chaill siad a dhath den tseanmhianach.**	
Aimsigh do thobar féin, a chroí, óir tá am an anáis romhainn amach: **Caithfear pilleadh arís ar na foinsí.'**	

10. Cé na teicnicí atá le feiceáil sa dán seo? An dtig leat samplaí a aimsiú?

Teicnicí in úsáid sa dán	Sampla ón dán	Cad é a léiríonn sé seo? Cad é an éifeacht atá leis sa dán?

Luaigh roinnt pointí sa léaráid thíos a léiríonn tábhacht na háite dúchais don fhile.



Freagair na ceisteanna seo i nGaeilge.

(a) Cé hí Bríd agus cén fáth a bhfuil sí tábhachtach sa dán seo?

(b) Cad é mar atá a fhios againn go raibh an tobar ríthábhachtach san am a chuaigh thart?

(c) Cad é mar a chuirtear síos ar an uisce a tháinig ón tobar?

(d) Tá athrú le feiceáil ag tús an cheathrú véarsa *('Ach le fada…)*. Mínigh an t-athrú seo.

(e) Sa chúigiú véarsa, deir Bríd gur *'doiligh tobar a aimsiú inniu'*. Cad é atá i gceist aici anseo?

(f) *'In ainneoin na neamhairde go léir, níor chaill siad a dhath den tseanmhianach'.* Cad é atá sean-Bhríd ag iarraidh a rá anseo?

(g) Mínigh do bharúil den líne *'caithfear pilleadh arís ar na foinsí'* agus an méid a léiríonn sé dúinn.

(h) Cad iad na mothúcháin is mó atá le feiceáil sa dán seo? Mínigh do fhreagra.

(j) Cad é do bharúil den dán? Mínigh cad chuige a bhfuil an bharúil sin agat.

Anseo ag Stáisiún Chaiseal na gCorr

Anseo ag stáisiún Chaiseal na gCorr be
d'aimsigh mise m'**oileán rúin**
mo thearmann is mo shanctóir.
Anseo **braithim i dtiúin**
le **mo chinniúint** féin is mo thimpeallacht.
Anseo braithim **seasmhacht**
is mé ag feiceáil **chríocha mo chineáil**
thart faoi bhun an Eargail
mar a bhfuil siad ina gcónaí go ciúin
le breis agus trí chéad bliain
ar mhínte féaraigh an tsléibhe
ó Mhín 'a Leá go Mín na Craoibhe.
Anseo, foscailte os mo chomhair
go díreach mar bheadh leabhar ann
tá an taobh tíre seo anois
ó Dhoire Chonaire go Prochlais.
Thíos agus thuas **tím na gabháltais**
a briseadh as **béal an fhiántais**.
Seo **duanaire mo mhuintire**;
an **lámhscríbhinn** a shaothraigh siad go teann
le **dúch a gcuid allais**.
Anseo tá **achan chuibhreann** mar bheadh **rann** ann
i **mórdhán an mhíntíreachais**.
Léim anois **eipic seo na díograise**
i g**canúint ghlas na ngabháltas**
is tuigim nach bhfuilim ach **ag comhlíonadh dualgais**
is mé ag tabhairt **dhúshlán an Fholúis**
go díreach mar a thug mo dhaoine **dúshlán an fhiántais**
le dícheall agus le dúthracht
gur **thuill siad** an duais.
Anseo braithim go bhfuil éifeacht i bhfilíocht.
Braithim go bhfuil **brí** agus tábhacht liom mar dhuine
is mé ag feidhmiú mar **chuisle de chroí mo chine**

agus **as an chinnteacht sin tagann suaimhneas aigne.**

Ceansaítear mo mhianta, séimhítear mo smaointe,

cealaítear contrárthachtaí ar an phointe.

© Homecoming: Selected Poems: An Bealach 'na Bhaile by Cathal Ó Searcaigh (1997), publisher Cló Iar-Chonnacht, ISBN 1874700559

Gluais

oileán rúin	
mo thearmann is mo shanctóir	
braithim i dtiúin	
mo chinniúint	
seasmhacht	
chríocha mo chineáil	
ar mhínte féaraigh an tsléibhe	
tím na gabháltais	
béal an fhiántais	
duanaire mo mhuintire	
Lámhscríbhinn	
dúch a gcuid allais	
achan chuibhreann	
rann	
mórdhán an mhíntíreachais	
eipic seo na díograise	
canúint ghlas na ngabháltas	
ag comhlíonadh dualgais	
dhúshlán an Fholúis	
dúshlán an fhiántais	
le dícheall agus le dúthracht	
thuill siad	
brí	
chuisle de chroí mo chine	
as an chinnteacht sin tagann suaimhneas aigne	
ceansaítear mo mhianta, séimhítear mo smaointe	
cealaítear contrárthachtaí	

5. Freagair na ceisteanna seo i nGaeilge.

(a) Cá háit a bhfuil an file agus é ag scríobh an dáin seo?

(b) Cad é mar a mhothaíonn sé, dar leat? Tabhair eolas ón dán.

(c) Cad é mar a théann an áit i bhfeidhm air?

(d) Cad é mar atá a fhios againn go bhfuil ardmheas aige ar mhuintir na háite?

(e) Cad iad na logainmneacha atá luaite sa dán?

(f) Cén fáth a shíleann tú a bhfuil logainmneacha luaite aige sa dán?

(g) Cad é an difear a dhéanann sé dá chuid filíochta bheith sa bhaile?

(h) Déanann sé comparáid idir obair an fheirmeora agus obair an fhile atá i mbun pinn sa dán. An dtig leat sampla ón dán a fháil a léiríonn seo dúinn?

(i) Cad é do bharúil den dán? Mínigh cad chuige a bhfuil an bharúil sin agat.

6. Luaigh sa léaráid thíos pointí a léiríonn an grá atá ag an fhile dá cheantar dúchais.



Línte ón dán	**Cad é a léiríonn siad seo dúinn?**
Anseo ag stáisiún Chaiseal na gCorr d'aimsigh mise m'**oileán rúin** **mo thearmann is mo shanctóir.** Anseo **braithim i dtiúin** le **mo chinniúint** féin is mo thimpeallacht.	
Anseo braithim **seasmhacht** is mé ag feiceáil **chríocha mo** **chineáil** thart faoi bhun an Eargail mar a bhfuil siad ina gcónaí go ciúin le breis agus trí chéad bliain **ar mhínte féaraigh an tsléibhe** ó Mhín 'a Leá go Mín na Craoibhe.	
Anseo, foscailte os mo chomhair go díreach mar bheadh leabhar ann tá an taobh tíre seo anois ó Dhoire Chonaire go Prochlais. Thíos agus thuas **tím na gabháltais** a briseadh as **béal an fhiántais.**	
Seo **duanaire mo mhuintire;** an **lámhscríbhinn** a shaothraigh siad go teann le **dúch a gcuid allais.** Anseo tá **achan chuibhreann** mar bheadh **rann** ann i **mórdhán an mhíntíreachais.**	
Léim anois **eipic seo na díograise** i g**canúint ghlas na ngabháltas** is tuigim nach bhfuilim ach **ag** **comhlíonadh dualgais**	

is mé ag tabhairt **dhúshlán an Fholúis** go díreach mar a thug mo dhaoine **dúshlán an fhiántais** **le dícheall agus le dúthracht** gur **thuill siad** an duais.	
Anseo braithim go bhfuil éifeacht i bhfilíocht. Braithim go bhfuil **brí** agus tábhacht liom mar dhuine is mé ag feidhmiú mar **chuisle de chroí mo chine** agus **as an chinnteacht sin tagann suaimhneas aigne.** **Ceansaítear mo mhianta,** **séimhítear mo smaointe,** **cealaítear contrárthachtaí** ar an phointe.	

8. Cé na teicnicí atá le feiceáil sa dán seo? An dtig leat samplaí a aimsiú?

Teicnicí in úsáid sa dán	Sampla ón dán	Cad é a léiríonn sé seo? Cad é an éifeacht atá léi sa dán?